



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022
(OR. en)

15843/22

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0410(NLE)**

**FISC 260
ECOFIN 1304**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 704 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 704 final.

Faoi iamh: COM(2022) 704 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 8.12.2022
COM(2022) 704 final

2022/0410 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL

{SEC(2022) 433 final} - {SWD(2022) 393 final} - {SWD(2022) 394 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa Ré Dhigiteach é an togra seo, mar aon le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach¹, agus togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin i ndáil le CBL ar gá iad don ré dhigiteach². Leagtar amach comhthéacs an tionscnaimh sin go cuimsitheach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE³.

Tugtar tuairisc sa mheabhrán míniúcháin sin ar na modhnuithe is gá a dhéanamh ar an Rialachán cur chun feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL.

Tá trí phríomhchuspóir ag an bpacáiste sin:

- (1) Nuachóiriú a dhéanamh ar oibleagáidí tuairiscithe CBL⁴, trí Cheanglais a thabhairt isteach maidir le Tuairisciú Digiteach, lena dhéanfar caighdeánú ar an bhfaisnéis nach mór do dhaoine inchánacha a chur isteach chuig na húdaráis chánach, i bhformáid leictreonach, maidir le gach idirbheart. An tráth céanna forchuirfear leis úsáid a bhaint as ríomhshonrascadh le haghaidh idirbhearta trasteorann;
- (2) Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le **geilleagar na n-ardán**⁵, trí na rialacha CBL a thabhairt cothrom le dáta arb infheidhme iad maidir le geilleagar na n-ardán, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na córa comhionann, soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha i dtaca le láthair an tsoláthair is infheidhme maidir leis na hidirbhearta sin agus feabhas a chur ar ról na n-ardán i mbailiú CBL nuair a éascaítear soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíos nó seirbhísí iompair do phaisinéirí leo; agus
- (3) An gá leis an iliomad **clárúcháin CBL** san Aontas a sheachaint agus feabhas a chur ar fheidhmiú na huirlise a chuirtear chun feidhme chun an CBL a dhearbhu agus a íoc atá dlite maidir le ciandíol earraí⁶, trí Chlárúchán Aonair CBL (CAB) a thabhairt isteach. Is é sin feabhas a chur ar chórais an Ionaid Infhreastail (OSS)/an Ionaid Infhreastail Allmhairiúcháin (IOSS) agus an aistrithe táillí atá ann cheana, agus cur leo, chun ioslaghdú a dhéanamh ar na cásanna ina gceanglaítear ar dhuine inchánach clárú i mBallstát eile.

¹ Cuir an tagairt isteach nuair a bheidh fáil uirthi.

² Cuir an tagairt isteach nuair a bheidh fáil uirthi

³ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an geóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

⁴ Le hoibleagáidí tuairiscithe CBL tagraítear don oibleagáid atá ar ghnólachtaí cláraithe CBL dearbhuithe a gcuid idirbhearta a thabhairt don údaráis cánach go tráthrialta chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar bhailiú CBL.

⁵ Maidir leis sin, baineann an téarma ‘geilleagar ardán’ le soláthairtí seirbhísí a dhéantar trí ardán.

⁶ https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/vat/vat-e-commerce_en

Ceanglaítear bearta cur chun feidhme i ngnéithe den phacáiste, go háirithe iontu siúd a bhaineann le cóireáil CBL gheilleagar na n-ardán agus leis an gclárúchán aonair CBL. Áiríteofar leo siúd go gcuirfead na príomhghnéithe i bhfeidhm go cothrom ó Bhallstát go chéile agus go mbeidh deimhneacht dhlíthiúil ann do ghnólachtaí agus riaracháin chánach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Leagtar amach comhsheasmhacht an phacáiste ina iomláine go cuimsitheach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an CBL sa tionscnamh um CBL sa Ré Dhigiteach comhthreomhar le tionscnaimh eile de chuid an Choimisiúin a bhaineann leis an nGeilleagar Digiteach, amhail an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha⁷, an togra deireanach le haghaidh Treoir chun feabhas a chur ar dhálaí oibre in obair na n-ardán⁸, agus an obair leanúnach a bhaineann le cóiríocht ghearrthearma ar cíós⁹. Is é an cur chuige ginearálta a ghlactar sna tionscnaimh sin a cheangal ar na hardáin a bheith níos trédhearcaí, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar i ndáil lena n-úsáideoirí (e.g. soláthróirí cóiríochta gearrthearma ar cíós; nó oibríthe ardán) agus comhlíontacht na gceanglas rialála ábhartha ag úsáideoirí na seirbhíse dá gcuid a éascú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 397 den Treoir CBL. Foráiltear leis an Airteagal seo go nglacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá chun an Treoir a chur chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Leagtar amach coimhdeacht an phacáiste go cuimsitheach agus ina iomláine sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

Gabhann an togra seo leis an meabhrán sin sa chaoi go bhforáiltear do bhearta leis lena n-áirítear go gcuirtear an Treoir CBL chun feidhme go héifeachtach.

⁷ Rialachán (AE) ... / ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

⁸ Tá coinne leis go mbeidh ann, de thoradh na Treorach a mholtar, do dheimhneacht dhlíthiúil maidir le stádas fostaíochta na ndaoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha, go gcuirfead feabhas ar a ndálaí oibre (lena n-áirítear le haghaidh daoine féinfhostaithe atá faoi réir bainistíocht algartamach) agus go méadófar trédhearcacht agus inrianaitheacht in obair ardáin, lena n-áirítear in imthosca trasteorann

⁹ Féach an iarscríbhinn le haghaidh tuairisc ar thionscnaimh ábhartha atá ann faoi láthair agus atá ag dul ar aghaidh go leanúnach.

- **Comhréireacht**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Leagtar amach comhréireacht an phacáiste go cuimsitheach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

Gabhann an togra seo leis an meabhrán sin sa chaoi go bhforáiltear do bhearta leis lena n-áirithítear go gcuirtear an Treoir CBL chun feidhme go héifeachtach.

- **An rogha ionstraim**

Tá gá le Rialachán ón gComhairle chun Rialachán (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle a leasú

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra chun an Treoir CBL a leasú soláthraítear achoimre ar mheastóireachtaí *ex-post* agus seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra chun an Treoir CBL a leasú soláthraítear faisnéis fhorleathan maidir le comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Bhain an Coimisiún feidhm as an anailís a rinne Economisti Associati S.r.l. le haghaidh staidéar “CBL sa Ré Dhigiteach” (a bhí ar siúl ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go dtí mí Eanáir 2022)¹⁰. Cuireadh an tuarascáil chríochnaitheach isteach an 1 Aibreán 2022 agus foilsíodh an staidéar ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ba iad aidhmeanna an staidéir:

- (1) meastóireacht a dhéanamh ar an staid reatha maidir leis na ceanglais um thuairisciú digiteach, cóireáil CBL an gheilleagair ardán, na cásanna atá fós ina gcúis le clárúchán CBL a spreagadh i mBallstát nach bhfuil trádálaí bunaithe ann, agus an tIonad Infhreastail Allmhaire;
- (2) measúnú a dhéanamh ar thionchair roinnt tionscnamh beartas féideartha sna réimsí sin.

- **Measúnú tionchair**

Mheas an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an measúnú tionchair le haghaidh an togra an 22 Meitheamh 2022. Thug an Bord tuairim dhearfach uaidh maidir leis an togra mar aon le roinnt moltaí a cuireadh san áireamh. Áirítear an tuairim ón mBord agus a chuid moltaí in

¹⁰ CBL sa Ré Dhigiteach. Tuarascáil chríochnaitheach (iml. I – III). Conradh Sonrach Uimh. 07 lena gcuirtear chun feidhme Creatchonradh Uimh. TAXUD/2019/CC/150.

Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an doiciméad inmheánach oibre le haghaidh an mheasúnaithe tionchair a ghabhann leis an togra seo. Tá an bhileog achoimre feidhmiúcháin ar fáil ar an leathanach seo a leanas: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13186-VAT-in-the-digital-age_en.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Soláthraítear anailís mhionsonraithe ar an oiriúnacht rialála agus ar an simpliú i meabhrán míniúcháin an togra le haghaidh na Treorach CBL a leasú a ghabhann leis.

- **Ceartha bunúsacha**

N/B

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirtear na tionchair bhuiséadacha i láthair i meabhrán míniúcháin an togra le haghaidh na Treorach CBL a leasú a ghabhann leis.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirtear na heilimintí sin i láthair i meabhrán míniúcháin an togra le haghaidh na Treorach CBL a leasú a ghabhann leis.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Soláthraítear sainmhíniú ar an téarma ‘éascaíonn’ chun foráil a dhéanamh do leibhéal deimhneachta dlíthiúla maidir le raon feidhme an chórais soláthróirí measta.

Maidir le hoibriú éifeachtach an chórais soláthróirí measta le haghaidh iompar do phaisinéirí agus cóiríocht ghearrthéarmach ar cíós, is gá soiléiriú a dhéanamh ar an mbealach inar féidir leis an ardán a shainathint cibé an bhfuil feidhm ag an gcóras soláthróirí measta, is é sin i gcás nach soláthraíonn an soláthróir foluitech uimhir CBL don ardán.

Ina theannta sin, leagtar síos, in imthosca ina bhfuil uimhir aitheantais CBL i seilbh an tsoláthóra fholuitigh ach nach ngearrann sé CBL (toisc, mar shampla, go bhfuil sé ag úsáid na scéime speisialta le haghaidh fiontair bheaga i mBallstát a sholáthraíonn uimhir aitheantais CBL do ghnólachtaí den sórt sin), nár cheart don soláthróir sin an uimhir aitheantais CBL sin a sholáthar don ardán.

Thairis sin, soiléirítear nár cheart an t-ardán a chur faoi dhliteanas i gcás ina bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn an soláthróir foluitech neamhiomlán nó earráideach, agus gur féidir leis an ardán an custaiméir a fhaigheann an soláthar foluitech a mheas mar dhuine neamh-inchánach i gcás nach soláthraíonn sé uimhir CBL.

Tháinig an pacáiste ríomhthráchtála CBL i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2021. Amhail ón dáta sin, is féidir le daoine inchánacha a dhéanann earraí a chiandíol laistigh den Aontas nó a dhéanann earraí a allmhairíodh isteach san Aontas a chiandíol rogha a dhéanamh an córas Ionad

Infhrestail (OSS) nó an córas Ionad Infhrestail Allmhairiúcháin (IOSS) a úsáid. De rogha air sin, is féidir leo fós iad féin a shainaithint i ndáil le CBL sa Bhallstát a dtagann na hearraí nó na hearraí allmhairithe isteach ann, na rialacha caighdeánacha a úsáid agus an CBL a íoc ag an teorainn.

Tar éis na chéad bhliana á chur i bhfeidhm, sainaitníodh roinnt saincheisteanna a raibh gá lena soiléiriú a thuilleadh agus a chuirtear san áireamh sa togra chun Treoir CBL a mhodhnú. Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis sin san áireamh sa togra seo.

Luaigh na saineolaithe frithchaloise, faoi chuimsiú Eurofisc, go bhfuil dúshlán thromchúiseacha os a gcomhair amach i ndáil le riosca maidir le neamhíoc CBL a aimsiú agus comhlíontacht ag gnólachtaí a rialú go tráthuil. Tarlaíonn sé sin mar gheall ar easpa sonraí níos mionsonraithe a bheith ann tráth a choimeádann agus a tharchuireann an t-ardán atá ag gníomhú mar sholáthróir measta an fhaisnéis, ós rud é go gcuimsítear faisnéis chomhiomlán san fhaisnéis a tharchuirtear maidir leis na díoltóirí foluiteacha uile a úsáideann an t-ardán dá chuid.

Ina theannta sin, agus réitigh na faisnéise maidir leis an soláthar agus an íocaíocht lena mbaineann á ndéanamh ag na húdaráis chánach, bunaithe ar na sonraí is infhaighte in CESOP (tagraíonn sonraí íocaíochta d'íocaithe aonair = díoltóirí) is gá a fhios a bheith acu cé hiad na daoine inchánacha a gheobhaidh an íocaíocht go hiarbhír. Baineann dúshlán leis sin go háirithe, tráth a bhíonn feidhm ag na rialacha um soláthróir measta.

Ar an dá chúis a luaitear thuas, is gá an fhaisnéis faoi aitheantas an tsoláthóra fholuitigh a tharchur ó na hardáin go dtí údarás cánach an Bhallstáit aitheantais.

An tráth céanna cuirfear scéim simplithe nua ar bun san Ionad Infhrestail chun go gcumasófar tuairisciú a dhéanamh ar aistrithe earraí dílse go dtí Ballstát eile. Arís, leagtar síos na forálacha mionsonraithe sa togra seo.

Ar deireadh, mar gheall ar an togra le haghaidh Threoir CBL a mhodhnú beidh sé d'oibleagáid ar na margáí úsáid a bhaint as IOSS. Dá bhrí sin, cuirtear in oiriúint na rialacha atá ann faoi láthair, a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle i ndáil leis na hiarmhairtí do dhuine inchánach nach bhfuil cáilithe a thuilleadh chun an scéim a úsáid.

Leis na modhnuithe agus na méideanna a cuireadh le hAirteagal 57a comhlánaítear na sainmhínithe a bhfuil feidhm acu maidir leis na scéimeanna OSS atá ann faoi láthair (scéim an Aontais agus scéim nach scéim de chuid an Aontais í) tríd an scéim simplithe nua a chur san áireamh ar le haghaidh earraí dílse a aistriú í;

Le mír 3 nua in Airteagal 57d cuirtear isteach foráil don aitheantas CBL le haghaidh na scéime speisialta i dtaca le haistriú earraí dílse agus i dtaca leis an tráth óna mbeidh an duine inchánach ceadaithe chun tosú ar an scéim a chur i bhfeidhm;

Sonraítear leis an modhnú in Airteagal 57e an uimhir CBL a úsáidfidh an Ballstát aitheantais chun an duine inchánach a úsáideann an scéim aistrithe earraí dílse a shainaithint;

Leis na breiseanna a chuirtear le hAirteagal 57f sainaitnítear na gníomhaíochtaí is ceart don Bhallstát aitheantais a dhéanamh i gcás ina n-eisiafaí an duine inchánach ón scéim aistrithe earraí dílse;

Leis na breiseanna a chuirtear le hAirteagal 57g soláthraítear mionsonraí maidir leis na hoibleagáidí atá ar dhuine inchánach ar mhian leis scoir den scéim a úsáid. Nuair a bhíonn úsáid na scéime aistrithe earraí dílse i gceist, is ionann na rialacha sin agus na rialacha le haghaidh scéimeanna an Aontais agus scéimeanna nach de chuid an Aontais iad. Nuair a bhíonn soláthróir measta a úsáideann an scéim IOSS i gceist, áfach, mar gheall ar an Airteagal

sin ní féidir leis an soláthróir measta sin dí-chlárú go deonach feasta, ós rud é go gcuirtear oibleagáid ar thrádálaithe den sórt sin IOSS a úsáid;

Le mír 2a nua in Airteagal 58 soláthraítear mionsonraí nua maidir leis na coinníollacha le haghaidh eisiamh i gcomhthéacs na scéime aistrithe earraí dílse;

Sonraítear san Airteagal 58aa nua nach féidir na soláthróirí measta a eisiamh ó scéim IOSS ós rud é go bhfuil sé d'oibleagáid orthu a bheith sa scéim sin;

Leis na breiseanna a chuirtear le hAirteagal 58a áirítear tagairtí don scéim nua aistrithe earraí dílse chun críche na n-imthosca ábhartha de scor de ghníomhaíochtaí inchánach;

Leis na breiseanna a chuirtear le hAirteagal 58b cumhdaítear na hiarmhairtí i gcás ina dteipeann go seasmhach ar úsáideoir éigeantach IOSS na rialacha a bhaineann leis an scéim sin a chomhlíonadh;

Baineann na breiseanna a chuirtear le hAirteagal 58c leis an scéim speisialta nua aistrithe earraí dílse sa chaoi gur díreach chuig an Ballstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí isteach ann a chomhlíonfaidh duine inchánach a chuid oibleagáidí ábhartha CBL i gcás ina n-eisiatar ón scéim é;

Leis na breiseanna a chuirtear le hAirteagail 59 agus 59a(2) mionsonraítear rialacha sonracha a bhaineann le tuairisceán CBL (tréimhsiúlacht agus ábhar) le haghaidh na scéime aistrithe earraí dílse;

Na breiseanna a chuirtear le hAirteagal 60a a phléann le meabhrúcháin leictreonacha, na breiseanna le hAirteagal 61 a phléann le hathruithe ar fhigiúirí an tuairisceáin CBL agus na breiseanna le hAirteagal 61a a bhaineann le cur isteach an tuairisceáin CBL deiridh agus leis an íocaíocht CBL deiridh, baineann siad le tagairt don Bhallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige, rud a éilítear toisc nach mbeidh Ballstát tomhaltais sa scéim aistrithe earraí dílse, ach ina áit sin beidh Ballstát a dtagann na hearraí isteach ann;

Leis na breiseanna a chuirtear le hAirteagal 63c(3) cuirtear tuairisciú ar an ráta CBL agus ar mhéid an CBL faoi réir ábharthachta, toisc gur gá soláthairtí ráta nialasaigh agus ráta díolúine a thuairisciú freisin faoin riail nua. Na sonraí breise eile ar gá don soláthróir measta iad a choimeád i leith na scéimeanna de chuid an Aontais agus na scéimeanna nach scéimeanna de chuid an Aontais iad, baineann siad le faisnéis mhionsonraithe faoi na soláthróirí a úsáideann an t-ardán dá chuid chun earraí agus seirbhísí a sholáthar, idir faisnéis nach mór dó a choimeád agus faisnéis eile nach mór dó a choimeád sa chás gur infhaighte í agus sa chás sin amháin. Ar deireadh, tugtar isteach oibleagáidí coimeáda taifid le haghaidh daoine inchánacha a úsáideann an scéim aistrithe earraí dílse.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha¹, agus go háirithe Airteagal 397 di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir le feidhmiú ceart mhúnla an tsoláthróra mheasta, le haghaidh ardáin, tairseacha, nó bealaí eile lena n-éascaítear soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíos nó seirbhísí iompair do phaisinéirí, dá dtagraítear in Airteagal 28a de Threoir 2006/112/CE is gá gnéithe áirithe den bheart a shonrú.
- (2) Is gá an téarma ‘éascaíonn’ a shainmhíniú chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do dhaoine inchánacha a éascaíonn, trí chomhéadan leictreonach amhail ardán, tairseach nó bealach comhchosúil eile a úsáid, soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíos, nó soláthar iompair do phaisinéirí, ar dheimhneacht dhlíthiúil í faoi cibé an bhfuil feidhm ag an mbeart soláthróra mheasta maidir leis na daoine inchánacha sin. Níor cheart soláthróirí áirithe, ar a n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn liostálacha, a eisiamh go sainráite ón mbeart toisc nach dtéann siad in iomaíocht dhíreach leis na hearnálacha traidisiúnta, neamhdhigiteacha.
- (3) Is gá sonraíocht a thabhairt ar an gcaoi inar cheart do dhaoine inchánacha a éascaíonn, trí chomhéadan leictreonach amhail ardán, tairseach nó bealach comhchosúil eile a úsáid, soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíos, nó soláthar iompair do phaisinéirí, stádas sholáthróir foluiteach na seirbhíse a shainnithint. I gcás nach soláthraítear uimhir aitheantais CBL, níor cheart a mheas go bhfuair agus gur sholáthair na daoine inchánacha sin na seirbhísí iad féin. Ní cheanglaítear ar an duine inchánach a éascaíonn an soláthar bailíochtú forleathan a dhéanamh ar an uimhir aitheantais CBL a sholáthraíonn soláthróir foluiteach na seirbhíse.
- (4) Leithdháileann Ballstáit áirithe uimhir aitheantais CBL do dhaoine inchánacha nach ngearrann CBL ar a gcuid soláthairtí, lena n-áirítear daoine inchánacha a úsáideann an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga mar a leagtar amach i dTeideal XII, Caibidil 1, de Threoir 2006/112/CE. Chun gur féidir leis an duine inchánach a éascaíonn an soláthar a shainnithint cibé an bhfuil feidhm ag múnla an tsoláthróra mheasta nó nach bhfuil, is gá a leagan amach, maidir leis na cásanna sin, nár cheart don soláthróir foluiteach an uimhir aitheantais CBL sin a sholáthar do na daoine

¹ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

inchánacha sin a éascaíonn, trí chomhéadan leictreonach amhail ardán, tairseach nó bealach comhchosúil eile a úsáid, soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíós, nó soláthar iompair do phaisinéirí.

- (5) Maidir le daoine inchánacha a éascaíonn, trí chomhéadan leictreonach a úsáid amhail ardán, tairseach nó bealach comhchosúil eile, soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíós, nó soláthar iompair do phaisinéirí, níor cheart dliteanas a chur orthu as aon CBL atá dlite a íoc nuair a ghníomhaíonn siad de bhun faisnéis a sholáthraíonn an soláthróir foluiteach, más rud é gur féidir leis na daoine inchánacha sin a thaispeáint nárbh fhéidir leo a bheith ar an eolas go réasúnta go raibh an fhaisnéis sin mícheart.
- (6) Maidir le daoine inchánacha a éascaíonn, trí chomhéadan leictreonach a úsáid amhail ardán, tairseach nó bealach comhchosúil eile, soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíós, nó soláthar iompair do phaisinéirí, agus arb iad na soláthróirí measta, ba cheart dóibh a bheith in ann stádas an chustaiméara a shainaithint go héasca, is é sin le rá faighteoir na seirbhísí foluiteacha. Chun sainaithint den sórt sin a éascú agus chun an t-ualach oibre atá ar na daoine inchánacha sin a laghdú, ba cheart do na daoine inchánacha sin glacadh leis gur duine inchánach é an custaiméir i gcás ina soláthraítear uimhir aitheantais CBL, agus gur duine neamh- inchánach é i gcás nach soláthraítear uimhir aitheantais CBL.
- (7) Tá scéim simplithe nua Ionad Ilfhrestail (OSS) le haghaidh daoine inchánacha a aistríonn earraí dílse áirithe trasteorann le tabhairt isteach i dTreoir 2006/112/CE. Chun an scéim shonrach sin a chur chun feidhme i gcreat foriomlán na scéimeanna speisialta CBL dá bhforáiltear i dTeideal XII, Caibidil 6 de Threoir 2006/112/CE, ba cheart foráil a dhéanamh do rialacha sonracha a bhaineann le sainaithint CBL, do choinníollacha le haghaidh eisiamh ón scéim, agus d'oibleagáidí i leith thuairisceáin CBL agus coimeád taifead i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle².
- (8) Toisc go mbeidh an scéim shimplithe nua OSS cuimsitheach agus go gcuimsítear inti gluaiseachtaí trasteorann earraí a chumhdaítear faoi láthair le socrúithe stoic ar glao, tá na socrúithe sin le baint amach as Treoir 2006/112/CE. Níl gá leis na forálacha cur chun feidhme a bhaineann leis na socrúithe sonracha sin a thuilleadh agus dá bhrí sin ba cheart iad a scriosadh ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011.
- (9) Mar gheall ar athruithe a tugadh isteach i dTreoir 2006/112/CE, tá úsáid scéim speisialta Ionad Infhrestail Allmhaire le bheith éigeantach le haghaidh comhéadain leictreonacha a éascaíonn, mar sholáthróir measta, ciandíol áirithe earraí allmhairithe . Déanann cineál éigeantach na scéime sin difear do na coinníollacha le haghaidh sainaithint agus eisiamh i dtaca leis na daoine inchánacha sin. Dá bhrí sin ba cheart na coinníollacha sin a leasú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011.
- (10) Faoi Airteagal 242a de Threoir 2006/112/CE, tá oibleagáid ar dhaoine inchánacha a éascaíonn, trí chomhéadan leictreonach amhail margadh, ardán, tairseach nó modh comhchosúil eile a úsáid, soláthar earraí nó seirbhísí do dhuine neamh- inchánach laistigh den Chomhphobal i gcomhréir le forálacha Theideal V den Treoir sin taifid a choimeád ar na soláthairtí sin. Is i leith soláthairtí earraí nó seirbhísí a éascaítear tríd an gcomhéadan leictreonach áfach, agus i leith iad siúd amháin a éilítear faisnéis agus

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breislúacha (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

ní éilítear í i gcásanna ina mbíonn feidhm ag an riail maidir le soláthróir measta. Chun tacaíocht a thabhairt don chomhrac in aghaidh chalaiois CBL, ba cheart faisnéis den sórt sin a bhaineann le soláthróirí foluiteacha a áireamh freisin san fhoireann faisnéise éigeantaí atá le coimeád ag soláthróirí measta atá cláraithe chun na scéimeanna speisialta Ionad Infhreastail a úsáid. Mar gheall ar na gnéithe breise sonraí sin ba cheart go mbeifí in ann comparáid a dhéanamh idir faisnéis a dtuairiscíonn na hardáin orthu agus sonraí íocaíochtaí maidir le hidirbhearta trasteorann, sonraí atá ar fáil sa chóras leictreonach lárnach um fhaisnéis faoi íocaíochtaí mar a bhunaítear le Caibidil V, Roinn 2, de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle³ agus a thagann i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

- (11) Tá na gnéithe de Threoir 2006/112/CE lena gceanglaítear leasuithe a dhéanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 le trasuí isteach sa reachtaíocht náisiúnta ag na Ballstáit faoin 31 Nollaig 2024. Dá bhrí sin is gá na leasuithe ar an Rialachán sin a bheith infheidhme amhail ón 1 Eanáir 2025.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 mar a leanas:

- (1) I gCaibidil IV, Roinn 2 cuirtear isteach na hAirteagail 9b go 9e seo a leanas:

'Airteagal 9b

1. Maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28a de Threoir 2006/112/CE, ciallóidh an téarma 'éascaíonn' úsáid comhéadain leictreonaigh chun é a chur ar a gcumas do chustaiméir agus soláthróir a thairgeann soláthairtí cóiríochta gearrthearmaí ar cíos nó iompair do phaisinéirí tríd an gcomhéadan leictreonach dul i dteagmháil le chéile, rud a mbíonn soláthar na seirbhísí sin tríd an gcomhéadan sin mar thoradh air.

I gcás, áfach, nach gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile ní mheasfar go n-éascaíonn duine inchánach soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíos nó iompair do phaisinéirí:

- (a) ní shocraíonn an duine inchánach sin, go díreach nó go hindíreach, ceann ar bith de na téarmaí agus na coinníollacha a ndéantar an soláthar fúthu;
- (b) níl baint ag an duine inchánach sin, go díreach nó go hindíreach, le húdarú an mhuirir a ghearrtar ar an gcustaiméir i leith na n-íocaíochtaí a dhéantar;
- (c) níl baint ag an duine inchánach sin, go díreach nó go hindíreach, le soláthar na seirbhísí sin.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 28a de Threoir 2006/112/CE maidir le duine inchánach nach soláthraíonn ach aon cheann díobh seo a leanas:

³ Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaiois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

- (a) próiseáil íocaíochtaí i ndáil le soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíos nó iompair do phaisinéirí;
- (b) liostáil nó fógraíocht i ndáil le cóiríocht ghearrthearmach ar cíos nó iompar do phaisinéirí;
- (c) atreorú nó aistriú custaiméirí go dtí comheadain leictreonacha eile ar a thairgtear cóiríocht ghearrthearmach nó seirbhísí iompair do phaisinéirí ar díol, gan aon idirghabháil bhreise sa soláthar.

Airteagal 9c

Beidh feidhm ag Airteagal 28a de Threoir 2006/112/CE i gcás nach soláthraíonn an duine a sholáthraíonn an chóiríocht ghearrthearmach ar cíos, nó an tseirbhís iompair do phaisinéirí, aon uimhir aitheantais CBL bailí don duine inchánach a éascaíonn an tseirbhís trí úsáid comheadain leictreonaigh amhail ardán, tairseach, nó bealaí comhchosúla.

I gcás ina bhfuil uimhir aitheantais CBL ag an duine a sholáthraíonn an tseirbhís fholuiteach agus go dtagann sé faoi aon cheann de na catagóirí a liostaítear in Airteagal 28a, pointí (c) go (f), de Threoir 2006/112/CE, ní chuirfear an uimhir aitheantais sin in iúl don duine inchánach a éascaíonn an tseirbhís.

Airteagal 9d

Maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28a de Threoir 2006/112/CE, i gcás, ar bhonn faisnéis a sholáthraíonn an duine a sholáthraíonn an tseirbhís fholuiteach, nach ngníomhaíonn an duine inchánach mar an soláthróir measta, ní bheidh an duine inchánach sin faoi dhliteanas i leith an CBL atá dlite a íoc i gcás ina dtugtar faoi deara ina dhiaidh sin gur cheart an duine inchánach sin a mheas mar sholáthróir, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile:

- (a) braitheann an duine inchánach go huile is go hiomlán ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn soláthróir na seirbhísí;
- (b) tá an fhaisnéis sin a sholáthraíodh earráideach;
- (c) is féidir leis an duine inchánach a chruthú nárbh fhéidir leis nó léi a bheith ar an eolas go réasúnta go raibh an fhaisnéis sin earráideach.

Airteagal 9e

Ach amháin faisnéis dá mhalairt a bheith ag an duine inchánach, breathnóidh an duine inchánach a mheastar ina leith go bhfuair sé agus gur sholáthair sé seirbhísí faoi Airteagal 28a de Threoir 2006/112/CE gur duine neamh-inchánach é an duine ar sholáthraíodh na seirbhísí sin dó, i gcás nach soláthraíonn an duine sin ar sholáthraíodh na seirbhísí sin dó uimhir aitheantais CBL.’;

- (2) in Airteagal 54a, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
‘3. Scoirfidh Roinn 1A de Chaibidil X d’fheidhm a bheith aici an 31 Nollaig 2025’.
- (3) i gCaibidil XI, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad cheanteideal Roinn 2:

‘ROINN 2

Scéimeanna speisialta le haghaidh daoine inchánacha a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh- inchánacha nó a dhéanann earraí, soláthairtí intíre áirithe earraí nó aistriú áirithe earraí dílse a chiandíol

(Airteagail 358 go 369xj de Threoir 2006/112/CE)';

- (4) Leasaítear Airteagal 57a mar a leanas:
- (a) cuirtear an pointe (3a) seo a leanas isteach:
- ‘(3a) ‘ciallaíonn scéim aistrithe earraí dílse’ an scéim speisialta maidir le haistriú earraí dílse mar a leagtar amach i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 5 de Threoir 2006/112/CE;’;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (4) agus (5):
- ‘(4) ciallaíonn ‘scéim speisialta’ an ‘scéim nach scéim de chuid an Aontais í’, ‘scéim an Aontais’, an ‘scéim allmhairithe’, nó an ‘scéim aistrithe earraí dílse’ de réir mar a éilíonn an comhthéacs;’;
- (5) ciallaíonn ‘duine inchánach’ aon cheann díobh seo a leanas:
- (i) duine inchánach dá dtagraítear in Airteagal 359 de Threoir 2006/112/CE atá ceadaithe chun an scéim nach scéim de chuid an Aontais í a úsáid;
- (ii) duine inchánach dá dtagraítear in Airteagal 369b de Threoir 2006/112/CE atá ceadaithe chun scéim an Aontais a úsáid;
- (iii) duine inchánach dá dtagraítear in Airteagal 369m de Threoir 2006/112/CE atá ceadaithe chun scéim an allmhairithe a úsáid;
- (iv) duine inchánach dá dtagraítear in Airteagal 369xb de Threoir 2006/112/CE atá ceadaithe chun an scéim aistrithe earraí dílse a úsáid;
- (5) in Airteagal 57d, cuirtear mír 3 seo a leanas isteach:
- ‘3. I gcás ina gcuireann duine inchánach an Ballstát aitheantais ar an eolas go bhfuil sé i gceist aige nó aici úsáid a bhaint as an scéim aistrithe earraí dílse, beidh feidhm ag an scéim speisialta sin amhail ón gcéad lá den mhí féilire dár gcionn.
- I gcás ina dtarlaíonn an chéad aistriú d’earraí atá le cumhdach ag an scéim aistrithe earraí dílse roimh an dáta sin, áfach, beidh feidhm ag an scéim speisialta amhail ó dháta an aistrithe sin, ar choinníoll go gcuireann an duine inchánach an Ballstát aitheantais ar an eolas maidir le tús a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí atá le cumhdach faoin scéim, tráth nach déanaí ná an deichiú lá den mhí tar éis an chéad soláthair sin.’;
- (6) in Airteagal 57e, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
- ‘Sainaitheoidh an Ballstát aitheantais an duine inchánach a úsáideann an scéim aistrithe earraí dílse trí bhíthin a uimhir nó a huimhir aitheantais CBL dá dtagraítear in Airteagail 214 agus 215 de Threoir 2006/112/CE.’;
- (7) Leasaítear Airteagal 57f mar a leanas:
- (a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fhomhíre:

‘D’ainneoin dara fomhír na míre seo, i gcás ina mheastar ina leith go bhfuair agus gur sholáthair an duine inchánach sin i gcomhréir le hAirteagal 14a(1) de Threoir 2006/112/CE, cuirfidh an duine inchánach sin an Ballstát nua aitheantais in iúl mar an Ballstát ina bhfuil a ghnó nó a gnó bunaithe ag an duine inchánach sin nó, mura bhfuil a ghnó nó a gnó bunaithe sa Chomhphobal ag an duine inchánach sin, Ballstát ina bhfuil buanbhunaíocht ag an duine inchánach sin.

I gcás ina athraítear an Ballstát aitheantais i gcomhréir leis an dara nó an tríú fomhír, beidh feidhm ag an athrú sin amhail ón dáta ar a scoireann an duine inchánach sin nó idirghabhálaí dá chuid nó dá cuid d’áit ghnó nó buanbhunaíocht a bheith aige nó aici sa Bhallstát a cuireadh in iúl roimhe mar an Ballstát aitheantais.’:

(b) cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. I gcás ina scoireann duine inchánach a úsáideann an scéim aistrithe earraí dílse de choinníollacha an tsainmhíneithe a leagtar síos in Airteagal 369xa, pointe (2) de Threoir 2006/112/CE a chomhlíonadh, scoirfidh an Ballstát inar sainithníodh an duine inchánach sin de bheith ina Bhallstát aitheantais.

I gcás, áfach, ina gcomhlíonann an duine inchánach sin fós na coinníollacha le haghaidh úsáid na scéime speisialta sin, chun go leanfaidh sé den scéim sin a úsáid cuirfidh an duine inchánach sin an Ballstát nua aitheantais in iúl mar an Ballstát ina bhfuil a ghnó nó a gnó bunaithe ag an duine inchánach sin nó, mura bhfuil a ghnó nó a gnó bunaithe sa Chomhphobal ag an duine inchánach sin, Ballstát ina bhfuil buanbhunaíocht ag an duine inchánach sin. I gcás nach bhfuil an duine inchánach a úsáideann an scéim aistrithe earraí dílse bunaithe sa Chomhphobal, cuirfidh an duine inchánach sin an Ballstát aitheantais nua in iúl mar Bhallstát as a sheolann nó as a iompraíonn sé nó sí earraí.

I gcás ina athraítear an Ballstát aitheantais i gcomhréir leis an dara fomhír, beidh feidhm ag an athrú sin amhail ón dáta ar a scoireann an duine inchánach d’áit ghnó nó buanbhunaíocht a bheith aige sa Bhallstát a cuireadh in iúl roimhe mar an Ballstát aitheantais nó amhail ón dáta ar a scoireann an duine inchánach sin d’earraí a sheoladh nó a iompar as an mBallstát sin.’;

(8) in Airteagal 57g, cuirtear isteach na míreanna 3 agus 4 seo a leanas:

‘3. Duine inchánach a úsáideann an scéim allmhaire a mheastar ina leith go bhfuair agus gur sholáthair sé earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a(1) de Threoir 2006/112/CE, ní fhéadfaidh sé scor den scéim sin a úsáid ach amháin mura ndéanann an duine inchánach sin earraí a allmhairítear as tríú críocha nó tríú tíortha a chiandíol a thuilleadh. Cuirfidh an duine inchánach nó an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son an Ballstát aitheantais ar an eolas 15 lá ar a laghad roimh dheireadh na míosa roimh an mhí ina mbeartaíonn an duine inchánach sin scor den scéim a úsáid. Beidh éifeacht ag an scor amhail ó chéad lá na míosa dár gcionn agus ní bheidh an duine inchánach ceadaithe a thuilleadh chun an scéim a úsáid le haghaidh soláthairtí a dhéantar ón lá sin amach.

4. Duine inchánach a úsáideann an scéim aistrithe earraí dílse, féadfaidh sé scor den scéim speisialta sin a úsáid gan beann ar cibé an leanann an duine

inchánach sin d'earraí a aistriú arbh fhéidir iad a bheith incháilithe don scéim speisialta sin. Cuirfidh an duine inchánach an Ballstát aitheantais ar an eolas 15 lá ar a laghad roimh dheireadh na míosa féilire roimh an mhí ina mbeartaíonn an duine inchánach sin scor den scéim a úsáid. Beidh éifeacht leis an scor amhail ón gcéad lá den mhí féilire dár gcionn. Oibleagáidí CBL a bhaineann le hearraí dílse a aistriú a eascraíonn i ndiaidh an dáta ar a tháinig éifeacht leis an scor, déanfar iad a urscaoileadh díreach le húdaráis na mBallstát ar seoladh nó ar iompraíodh earraí astu agus isteach iontu.’;

(9) Leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina gcomhlíonann duine inchánach a úsáideann ceann de na scéimeanna speisialta ceann amháin nó níos mó de na critéir le haghaidh eisiamh a leagtar síos in Airteagail 369e nó 369xe de Threoir 2006/112/CE, nó maidir le scríosadh ón gclár aitheantais a leagtar síos in Airteagal 363 nó in Airteagal 369r(1) agus (3) den Treoir sin, eisíofaídh an Ballstát aitheantais an duine inchánach ón scéim sin.

An Ballstát aitheantais amháin a fhéadann duine inchánach a eisiamh ó cheann de na scéimeanna speisialta.

Bunóidh an Ballstát aitheantais a chinneadh maidir le heisiamh nó scríosadh ar aon fhaisnéis is infhaighte, lena n-áirítear faisnéis a sholáthraíonn aon Bhallstát eile.’;

(b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Beidh éifeacht le heisiamh duine inchánaigh ó scéim aistrithe earraí dílse amhail ón gcéad lá den mhí féilire tar éis an lae ar a sheoltar an cinneadh maidir le heisiamh trí bhealach leictreonach chuig an duine inchánach. I gcás ina ndéantar an t-eisiamh mar gheall ar áit an ghnó nó na buanbhunaíochta a bheith athraithe, áfach, nó mar gheall ar an áit ina chuirtear tús le seoladh agus iompar earraí a bheith athraithe, beidh feidhm ag an eisiamh amhail ó dháta an athraithe sin.’;

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 58a:

‘Airteagal 58a

Duine inchánach a úsáideann scéim speisialta ach nach ndearna, le linn tréimhse dhá bhliain, aon soláthairtí earraí nó seirbhísí ná aon aistriú d'earraí dílse a chumhdaítear leis an scéim sin, glacfar leis gur scoir sé nó sí dá chuid nó dá cuid gníomhaíochtaí inchánach de réir bhrí Airteagal 363, pointe (b), Airteagal 369e, pointe (b), Airteagal 369r(1) pointe (b), Airteagal 369r(3), Airteagal 369xe, pointe (b) de Threoir 2006/112/CE. Ní chuirfear cosc ar úsáid scéime speisialta mar gheall ar an scor sin má atosáíonn an duine inchánach sin gníomhaíochtaí dá chuid ná dá cuid a chumhdaítear le haon scéim dá bhforáiltear i gCaibidil 6 de Theideal XII den Treoir sin.’;

(11) cuirtear isteach an tAirteagal 58aa seo a leanas:

'Airteagal 58aa

Chun críocha na scéime speisialta a chumhdaítear le Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE, ní bheidh feidhm ag Airteagal 58 den Rialachán seo, cé is moite de mhír 3, pointe (a) de maidir le duine inchánach a mheastar ina leith go bhfuair agus gur sholáthair sé earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a(1) den Treoir sin.’;

(12) Leasaítear Airteagal 58b mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

‘Chun críocha na scéime speisialta a chumhdaítear le Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE, ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gás ina mheastar ina leith go bhfuair agus gur sholáthair an duine inchánach earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a(1) den Treoir sin. I gcás, áfach ina ndéantar an duine inchánach sin a eisiáimh ó cheann de na scéimeanna speisialta eile toisc gur theip air go seasmhach rialacha na scéimeanna speisialta sin a chomhlíonadh, beidh an duine inchánach sin fós eisiata ó na scéimeanna speisialta sin a úsáid in aon Bhallstát ar feadh dhá bhliain i ndiaidh na tréimhse tuairisceáin ar lena linn a raibh an duine inchánach sin eisiata.

I gcás ina theipeann go seasmhach ar an duine inchánach sin rialacha na scéimeanna speisialta a chumhdaítear le Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE a chomhlíonadh, ní eisiafar an duine inchánach sin ón scéim sin ach eisiafar ó na scéimeanna speisialta uile eile é ar feadh an dá bhliain tar éis na tréimhse tuairisceáin a bhfuarthas amach lena linn go raibh ag teip air nó uirthi go seasmhach a chuid nó a cuid oibleagáidí faoin scéim a chomhlíonadh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Measfar gur theip ar dhuine inchánach nó idirghabhálaí go seasmhach na rialacha a bhaineann le ceann de na scéimeanna speisialta a chomhlíonadh, de réir bhrí Airteagal 363, pointe (d), Airteagal 369e, pointe (d), Airteagal 369r(1), pointe (d), Airteagal 369r(2), pointe (c), Airteagal 369r(3), pointe (d), nó Airteagal 369xe, pointe (d) de Threoir 2006/112/CE, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar eisigh an Ballstát aitheantais meabhrúcháin i ndáil le trí thréimhse thuairisceáin roimhe sin don duine inchánach de bhun Airteagal 60a den Rialachán seo, nó don idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son, agus nár cuireadh isteach an tuairisceán CBL le haghaidh gach aon cheann de na tréimhsí tuairisceáin sin laistigh de 10 lá ó seoladh an meabhrúcháin;

(b) i gcás inar eisigh an Ballstát aitheantais meabhrúcháin i ndáil le trí thréimhse thuairisceáin díreach roimhe sin don duine inchánach de bhun Airteagal 63a den Rialachán seo nó don idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son agus nár íoc an duine inchánach sin, nó an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son an CBL a dearbhaíodh le haghaidh gach aon cheann de na tréimhsí tuairisceáin sin laistigh de 10 lá ó seoladh an meabhrúcháin, ach amháin i gcás ina bhfuil an méid neamhíoctha atá fágtha níos lú ná EUR 100 do gach tréimhse thuairisceáin;

- (c) i gcás inar theip ar an duine inchánach na taifid dá dtagraítear in Airteagail 369, 369k, 369x agus 369xk de Threoir 2006/112/CE a chur ar fáil go leictreonach tar éis iarraidh ón mBallstát aitheantais agus 1 mhí amháin tar éis meabhrán ón mBallstát aitheantais, nó i gcás inar theip ar an idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son é sin a dhéanamh.’;

- (13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 58c:

‘Airteagal 58c

Duine inchánach a eisiadh ó scéim nach scéim de chuid an Aontais í, ó scéim an Aontais nó ó scéim aistrithe earraí dílse, déanfaidh sé na hoibleagáidí uile CBL a bhaineann le soláthairtí earraí nó seirbhísí, nó le haistriú earraí dílse, a eascraíonn tar éis an dáta ar a tháinig éifeacht leis an eisiámh a urscaoileadh go díreach le húdaráis chánach Bhallstát an tomhaltais lena mbaineann nó leis an mBallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige.’;

- (14) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le haon tréimhse thuairisceáin de réir bhrí Airteagail 364, 369f, 369s nó 369xf de Threoir 2006/112/CE, tréimhse thuairisceáin ar leith a bheidh inti.’;

- (b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. I gcás ina mbeidh feidhm ag an scéim aistrithe earraí amháin ó dháta an chéad aistrithe, i gcomhréir le hAirteagal 57d(3), an dara fomhír, cuirfidh an duine inchánach tuairisceán CBL ar leith isteach le haghaidh na míosa féilire ar tharla an chéad aistriú lena linn.’;

- (c) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

‘3a. I gcás inar cláraíodh duine inchánach faoin scéim aistrithe dílse le linn tréimhse tuairisceáin, cuirfidh an duine inchánach tuairisceáin CBL faoi bhráid an Bhallstáit aitheantais i leith aon aistriú a rinneadh agus na dtréimhsí a cumhdaíodh leis an scéim sin.’;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás ina n-athraítear an Ballstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 57f tar éis chéad lá na tréimhse tuairisceáin i gceist, cuirfidh an duine inchánach nó an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son tuairisceáin CBL isteach agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh an duine sin íocaíochtaí comhfhreagracha chuig an iar-Bhallstát aitheantais agus an Ballstát aitheantais nua lena gcumhdaítear na soláthairtí a rinneadh le linn na dtréimhsí faoi seach a raibh na Ballstáit sin ina mBallstáit aitheantais lena linn’;

- (15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 59a:

‘Airteagal 59a

I gcás nár sholáthair duine inchánach a úsáideann scéim speisialta aon earraí nó aon seirbhísí in aon Bhallstát tomhaltais nó nach ndearna sé aon aistriú d’earraí

dílse faoin scéim aistrithe dílse le linn tréimhse tuairisceáin agus nach bhfuil aon cheartúcháin le déanamh aige i leith tuairisceáin roimhe sin, cuirfidh an duine inchánach, nó an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son tuairisceán CBL isteach ag cur in iúl nach ndearnadh aon soláthairtí agus nach ndearnadh aon aistriú le linn na tréimhse sin (tuairisceán CBL nialais).’;

- (16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 60a:

‘Airteagal 60a

Meabhróidh an Ballstát aitheantais, trí mheán leictreonach, do dhaoine inchánacha, nó d’idirghabhálaithe a ghníomhaíonn ar a son, ar theip orthu tuairisceán CBL a chur isteach faoi Airteagail 364, 369f, 369s nó 369x de Threoir 2006/112/CE, an oibleagáid atá orthu maidir le tuairisceán den sórt sin a chur isteach. Eiseoidh an Ballstát aitheantais an meabhrúchán ar an deichiú lá tar éis an dáta ar cheart an tuairisceán a chur isteach, agus cuirfidh sé in iúl do na Ballstáit eile trí mheán leictreonach gur eisíodh meabhrúchán.

Is é an Ballstát tomhaltais lena mbaineann nó an Ballstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige a bheidh freagrach as aon mheabhrúchán agus as aon chéim a ghlacfar ina dhiaidh sin chun CBL a mheasúnú agus a bhailiú.

D’ainneoin aon mheabhrúchán a eiseoidh Ballstát tomhaltais nó aon Bhallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige agus d’ainneoin aon chéim a ghlacfaidh sé, cuirfidh an duine inchánach nó an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon an tuairisceán CBL faoi bhráid an Bhallstáit aitheantais.’;

- (17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 61:

AIRTEAGAL 61

‘1. Na figiúirí atá i dtuairisceán CBL a bhaineann le tréimhsí suas go dtí an dara tréimhse thuairisceáin in 2021, an tréimhse sin san áireamh, ní dhéanfar aon athrú orthu tar éis don tuairisceán CBL sin a bheith curtha isteach ach amháin trí leasuithe ar an tuairisceán sin, agus ní dhéanfar coigeartuithe ar thuairisceán ina dhiaidh sin.

Na figiúirí atá i dtuairisceán CBL a bhaineann le tréimhsí ón tríú tréimhse thuairisceáin in 2021, ní dhéanfar aon athrú orthu tar éis an dáta a n-éilíodh an tuairisceán a bheith curtha isteach air i gcomhréir le Treoir 2006/112/CE ach amháin trí choigeartuithe a dhéanamh orthu i dtuairisceán ina dhiaidh sin.

2. Cuirfear na leasuithe dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Bhallstáit aitheantais go leictreonach laistigh de thrí bliana ón dáta a n-éilíodh an chéad tuairisceán a bheith curtha isteach air.

Ní dhéanfar aon difear, áfach, do rialacha an Bhallstáit tomhaltais maidir le measúnuithe agus leasuithe ná do rialacha céanna an Bhallstáit ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige.’;

- (18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 61a:

‘Airteagal 61a

1. Cuirfidh duine inchánach nó duine a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son an tuairisceán deiridh CBL agus aon tíolacadh déanach de thuairisceáin roimhe sin,

agus na híocaíochtaí comhfhreagracha, i gcás inarb ábhartha, faoi bhráid an Bhallstáit a bhí ina Bhallstát aitheantais tráth an scoir, an eisiaimh nó an athraithe i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an duine inchánach sin:

- (a) scoireann sé de cheann de na scéimeanna speisialta a úsáid;
- (b) eisiatar ó cheann de na scéimeanna speisialta é;
- (c) athraíonn sé an Ballstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 57f.

Aon cheartúcháin ar an tuairisceán deiridh agus ar thuairisceáin roimhe sin a eascraíonn as cur isteach na dtuairisceán deiridh, is díreach le húdaráis chánach Bhallstát an tomhaltais lena mbaineann nó leis an mBallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige a dhéanfar an t-urscaoileadh.

2. Maidir leis na daoine inchánacha uile a ngníomhaíonn idirghabhálaí ar a son, cuirfidh an t-idirghabhálaí sin na tuairisceáin deiridh CBL agus aon tíolacadh déanach de thuairisceáin roimhe sin, agus na híocaíochtaí comhfhreagracha, i gcás inarb ábhartha, faoi bhráid an Bhallstáit a bhí ina Bhallstát aitheantais tráth an scriosta nó an athraithe i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an idirghabhálaí sin:

- (a) scriostar ón gclár sainaitheantais é;
- (b) athraíonn sé an Ballstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 57f(2).

Aon cheartúcháin ar an tuairisceán deiridh agus ar thuairisceáin roimhe sin a eascraíonn as chur isteach na dtuairisceán deiridh, is díreach le húdaráis chánach Bhallstát an tomhaltais lena mbaineann nó leis an mBallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige a dhéanfar an t-urscaoileadh.’;

(19) Leasaítear Airteagal 63c mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:
 - (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):
 - ‘(f) an ráta CBL a cuireadh i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha;
 - (g) an méid CBL is iníoctha agus an t-airgeadra a úsáideadh, i gcás inarb ábhartha;’;
 - (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (k) agus (l):
 - ‘(k) i leith seirbhísí, an fhaisnéis a úsáideadh chun áit sholáthar na seirbhíse a chinneadh agus, i leith earraí, an fhaisnéis a úsáideadh chun an áit inar tosaíodh agus inar críochnaíodh seoladh nó iompar na n-earraí chuig an custaiméir a chinneadh;
 - (l) aon fhianaise faoi earraí a d’fhéadfadh a bheith curtha ar ais, lena n-áirítear an méid inchánach agus an ráta CBL a cuireadh i bhfeidhm;’;
 - (iii) cuirtear an pointe (m) seo a leanas isteach:
 - ‘(m) i leith soláthairtí i gcás ina mheastar ina leith go bhfuair agus gur sholáthair an duine inchánach earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a de Threoir 2006/112/CE, ainm, seoladh poist agus seoladh leictreonach nó suíomh gréasáin an tsoláthóra arb iad soláthairtí dá chuid a éascaítear trí úsáid an chomhéadain leictreonaigh, agus, más infhaighte iad:

- i) uimhir aitheantais CBL nó uimhir chánach náisiúnta an tsoláthróra;
 - ii) uimhir chuntas bainc nó uimhir chuntas fíorúil an tsoláthróra.’;
- (b) leasaítear mír 2 mar a leanas:
 - (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):
 - ‘(m) uimhir uathúil na coinsíneachta i gcás ina bhfuil baint dhíreach ag an duine inchánach sa seachadadh;’;
 - (ii) cuirtear an pointe (n) seo a leanas isteach:
 - ‘(n) i leith soláthairtí i gcás ina mheastar ina leith go bhfuair agus gur sholáthair an duine inchánach earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a de Threoir 2006/112/CE, ainm, seoladh poist agus seoladh leictreonach nó suíomh gréasáin an tsoláthróra arb iad soláthairtí dá chuid a éascaítear trí úsáid an chomhéadain leictreonaigh, agus, más infhaighte iad:
 - (i) uimhir aitheantais CBL nó uimhir chánach náisiúnta an tsoláthróra;
 - (ii) uimhir chuntas bainc nó uimhir chuntas fíorúil an tsoláthróra.’;
- (c) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:
 - ‘2a. Chun go measfar go bhfuil na taifid a choimeádann an duine inchánach mionsonraithe go leordhóthanach de réir bhrí Airteagal 369xk de Threoir 2006/112/CE, ní mór an fhaisnéis seo a leanas uile a bheith iontu:
 - (a) a mhéid a bhaineann leis an mBallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí amach as:
 - (i) uimhir aitheantais CBL an duine inchánaigh nó a uimhir aitheantais chánach sa Bhallstát sin, más ann di;
 - (ii) an seoladh ónar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí;
 - (b) a mhéid a bhaineann leis an mBallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige:
 - (i) uimhir aitheantais CBL an duine inchánaigh nó a uimhir aitheantais chánach sa Bhallstát sin, más ann di;
 - (ii) an seoladh ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí chuige;
 - (c) tuairisc ar na hearraí agus cainníocht na n-earraí a seoladh nó a iompraíodh chuig Ballstát eile;
 - (d) dáta aistrithe na n-earraí dá dtagraítear i bpointe (c);
 - (e) an méid inchánach agus an t-airgeadra a úsáideadh á chur in iúl;
 - (f) aon mhéadú nó aon laghdú ina dhiaidh sin ar an méid inchánach;
 - (g) i gcás ina eisiatar sonrasc dílis, an fhaisnéis a chuimsítear ar an sonrasc;
 - (h) i leith aistrithe i gcás ina mheastar ina leith go bhfuair agus gur sholáthair an duine inchánach earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a de Threoir 2006/112/CE, ainm, seoladh poist agus seoladh leictreonach nó

suíomh gréasáin an tsoláthróra arb é aistriú earraí dá chuid a éascaítear trí úsáid an chomhéadain leictreonaigh, agus, más infhaighte iad:

(i) uimhir aitheantais CBL nó uimhir chánach náisiúnta an tsoláthróra

(ii) uimhir chuntas bainc nó uimhir chuntas fíorúil an tsoláthróra.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh an duine inchánach nó an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 2a den Airteagal seo a thaifeadadh ar bhealach a fhágfaidh gur féidir í a chur ar fáil trí mheán leictreonach gan mhoill agus i leith gach earra nó seirbhís aonair a sholáthraítear, nó a aistrítear. I gcás inar iarradh ar an duine inchánach sin nó ar an idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon nó ar a son na taifid dá dtagraítear in Airteagail 369, 369k, 369x agus 369xk de Threoir 2006/112/CE a chur isteach trí mheán leictreonach agus gur theip air iad a chur isteach laistigh de 20 lá ó dháta an iarrata sin, meabhróidh an Ballstát aitheantais don duine inchánach nó don idirghabhálaí a ghníomhaíonn ar a shon na taifid sin a chur isteach. Cuirfidh an Ballstát aitheantais in iúl trí mheán leictreonach do na Ballstáit tomhaltais nó don Bhallstát ar seoladh nó ar iompraíodh an meabhrán chuige gur seoladh an meabhrúchán.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*